AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.9.2024
COM(2024) 419 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Tuarascáil maidir le cur chun feidhme phlean gníomhaíochta frithchiníochais an Aontais Eorpaigh 2020-2025 agus maidir le pleananna gníomhaíochta náisiúnta i gcoinne an chiníochais agus an idirdhealaithe**

GA GA

## 1. Réamhrá: 'Aontaithe san Éagsúlacht' a Chomhlíonadh[1]

Meabhraítear sa chéad **phlean gníomhaíochta de chuid an Aontais maidir le frithchiníochas 2020-2025** ('an plean gníomhaíochta' anseo feasta) a glacadh i mí Mheán Fómhair 2020[2] go bhfuil an t-idirdhealú ciníoch fós ina sciúirse, agus go mbíonn éifeachtaí diúltacha aige ar an tsochaí ina hiomláine. Dar leis an Aontas Eorpach (AE), ní hamháin go dtoirmisctear go sainráite leis an reachtaíocht idirdhealú ar fhorais chiníocha nó eitneacha, ach is sárú é ar ár gcomhluachanna, ar ár sochaí oscailte dhaonlathach, agus ar an smacht reachta.

Is príomhthionscnamh de chuid an Choimisiúin Eorpaigh é an plean gníomhaíochta chun dlús a chur leis an gcomhrac i gcoinne an chiníochais[3] agus an idirdhealaithe chiníoch ar fud an Aontais agus níos faide i gcéin. Leagtar amach ann creat cuimsitheach chun **neamh-idirdhealú, comhionannas, éagsúlacht agus iolrachas** a chur chun cinn i mBallstáit an Aontais agus leagtar amach ann raon beart chun dul i ngleic leis an gciníochas i réimsí éagsúla, lena n-áirítear forfheidhmiú an dlí, oideachas, fostaíocht, tithíocht agus sláinte. Leagtar béim sa **phlean gníomhaíochta ar an ngá atá le creat dlíthiúil an Aontais maidir le comhionannas, neamh-idirdhealú agus fuathchaint a neartú**, lena n-áirítear sásraí forfheidhmithe éifeachtacha, agus leagtar béim ann ar a thábhachtaí atá sé feasacht a mhúscailt agus steiréitíopaí agus éadulaingt a chomhrac i gcomhar leis na meáin shóisialta agus thraidisiúnta.

Tugtar forléargas sa tuarascáil[4] seo ar an dul chun cinn a rinneadh i gcur chun feidhme an phlean gníomhaíochta agus tugtar treoir inti do na Ballstáit maidir le pleananna gníomhaíochta náisiúnta éifeachtacha in aghaidh an chiníochais a fhorbairt agus a chur chun feidhme, de réir struchtúr an phlean gníomhaíochta.

Le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus leis na hionsaithe sceimhlitheoireachta ar fud Iosrael an 7 Deireadh Fómhair 2023, agus leis an staid dhaonnúil thubaisteach ina dhiaidh sin mar thoradh ar an gcogadh in Gaza[5] géaraíodh ar an gciníochas agus ar an bhfuathchaint a bhí ann cheana agus tá méadú mór tagtha ar an bhfrithsheimíteachas

---

[1] Tagraítear sa tuarascáil seo do "bhunadh ciníoch agus eitneach" i gcomhréir le plean gníomhaíochta an Aontais maidir le frithchiníochas, chomh maith le téarmaíocht dlí an Aontais agus téarmaíocht dlí idirnáisiúnta. Aontaíonn an Coimisiún, áfach, leis an gcomhthuiscint go bhfuil 'ciníocha' bunaithe go hiomlán ar smaointe atá tógtha ar bhonn sóisialta agus diúltaíonn sé do choincheap na gciníocha bitheolaíocha. Ós rud é nach ngabhtar i gcónaí leis an tagairt do chine tógán sóisialta an chiníochaithe agus ag tabhairt dá aire coincheap an "chiníochaithe" a ghlac an Coimisiún Eorpach i gcoinne an Chiníochais agus na hÉadulaingthe (ECRI), measann an Coimisiún go ngabhtar leis an tagairt do 'ghrúpaí ciníochaithe' bunbhrí an chiníochais ar bhealach níos cruinne mar fhadhb shochaíoch.

[2] Plean gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le frithchiníochas 2020–2025

[3] De réir an Choimisiúin Eorpaigh i gcoinne an Chiníochais agus na hÉadulaingthe (ECRI) de Chomhairle na hEorpa, 'ciallóidh an ciníochas an tuairim go dtugann foras amhail 'cine', dath, teanga, reiligiún, náisiúntacht nó bunadh náisiúnta nó eitneach údar le díspeagadh do dhuine nó do ghrúpa daoine, nó coincheap na hardchéimíochta do dhuine nó do ghrúpa daoine'. Féach Moladh Ginearálta Uimh. 7

Bhain ullmhúchán na tuarascála seo tairbhe as roinnt malartuithe agus comhairliúchán leis na Ballstáit, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna), agus le páirtithe leasmhara eile.[4] Áiríodh leo sin glao ar fhianaise, comhairliúchán spriocdhírithe le páirtithe leasmhara agus dhá cheistneoir do na Ballstáit. Cuireann an tuarascáil freisin le sonraí arna mbailiú ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) agus ag an Eorabharaiméadar speisialta maidir le hidirdhealú.

[5] Conclúidí ón gComhairle Eorpach 22. Mí an Mhárta 2024

agus ar an bhfuath frith-Mhoslamach ar fud an domhain, lena n-áirítear san Aontas. Is dúshláin iad an deighilt, an bhréagaisnéis agus an steiréitíopáil dhiúltach a eascraíonn as sin don chomhrac i gcoinne an chiníochais agus an fhuatha. Thug an Coimisiún aghaidh go pras ar theacht chun cinn an fhuatha, an fhrithsheimíteachais agus an fhuatha fhrith-Mhoslamaigh, go háirithe leis an Teachtaireacht 'No place for hate: a Europe united against hatred' [Níl aon áit ann le haghaidh fuatha: Eoraip aontaithe i gcoinne fuatha][6].

[6] Teachtaireacht maidir le 'No place for hate:a Europe united against hatred' [Níl aon ann áit le haghaidh fuatha: Eoraip aontaithe i gcoinne fuatha]

**Bheith Dubh san Aontas Eorpach/Dara Suirbhé an Aontais Eorpaigh ar Mhionlaigh agus ar an Idirdhealú**[7]

In 2022, rinne FRA a thríú Suirbhé AE ar inimircigh agus ar shliocht inimirceach, agus ina dhiaidh sin d'fhoilsigh sé an dara heagrán den tuarascáil "Being Black in Europe" [Bheith Dubh san Aontas Eorpach] i mí Dheireadh Fómhair 2023.

Ní léiríonn torthaí shuirbhé 2022 aon dul chun cinn. I gcomparáid le 2016, luaigh freagróirí leibhéil níos airde idirdhealaithe chiníoch i ngach réimse den saol. Ar an iomlán, tá méadú tagtha ar leitheadúlacht 12 mhí an idirdhealaithe chiníoch ó 24 % go 34 %. Tá méadú tagtha air agus daoine atá ag cuardach lóistín, ag lorg poist, ag an obair agus san oideachas. Mar shampla, tá méadú tagtha ar leitheadúlacht 12 mhí an idirdhealaithe sa mhargadh tithíochta ó 6 % in 2016 go 28 % in 2022. Ní dhearnadh aon dul chun cinn maidir le ciapadh ciníoch ná foréigean. Mar a tharla in 2016, dúirt 30 % de na freagróirí gur fhulaing siad ciapadh ciníoch agus dúirt 4 % de na freagróirí go ndearnadh ionsaí ciníoch orthu sna cúig bliana roimh an suirbhé.

## 2. Ciníochas ag daoine aonair – ag tabhairt aghaidh ar an damáiste do dhaoine agus don tsochaí

Sciar na nEorpach a deir go mbraithfidís compordach dá mbeadh duine dá leanaí i gcaidreamh grá le

Duine Romach: 51 %
Duine Dubh: 68 %
Duine Áiseach: 70 %

### 2.1 Ag tabhairt aghaidh ar an gciníochas agus ar an idirdhealú ciníoch leis an reachtaíocht

Is réamhriachtanas é creat dlíthiúil stóinseach agus éifeachtach lena gcuirtear comhionannas agus cearta aonair chun cinn agus lena gcosnaítear daoine ar idirdhealú chun ciníochas a chomhrac. Leanann an Coimisiún **d'fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme iomlán na reachtaíochta ábhartha sna Ballstáit, agus nuair is gá, de nósanna imeachta um shárú a sheoladh**.

***An Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch agus comhlachtaí comhionannais***

Tá cur chun feidhme na Treorach maidir le Comhionannas Ciníoch ina bhunchloch den phlean gníomhaíochta. Dá bhrí sin, lean an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Treorach ag na Ballstáit. Tá nósanna imeachta foirmiúla um shárú fós ar siúl in aghaidh trí Bhallstát agus in 2023 tharchuir an Coimisiún ceann de na cásanna oscailte sin chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh[8].

[7] 'Being Black in the EU – Experiences of people of African descent' [Bheith Dubh san Aontas Eorpach – Eispéiris daoine de shliocht Afracach]

[8] Idirdhealú a dhéanamh ar leanaí Romacha ar scoil

D'fhoilsigh an Coimisiún **tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm na Treorach i mí an Mhárta 2021[9].** Sainaithníodh sa tuarascáil sin gur gá do na Ballstáit faireachán níos dlúithe a dhéanamh ar chur chun feidhme na Treorach, go háirithe maidir le cosaint ar íospairt agus maidir le smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha a chur i bhfeidhm. Chun tacú leis an obair sin, sheol an Coimisiún staidéar ag deireadh 2023 chun anailís a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil maidir le smachtbhannaí i mBallstáit uile an Aontais agus chun féachaint ar a chur chun feidhme praiticiúil.

Ina theannta sin, **d'fhoilsigh an Coimisiún staidéar ar bhearnaí dlíthiúla agus neamhdhlíthiúla a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le cosaint ar idirdhealú ciníoch nó eitneach in 2022[10],** bailíodh sonraí maidir leis na réimsí ina dtagann teagmhais idirdhealaithe chun cinn, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil baint ag údaráis forfheidhmithe dlí leo. **Sainaithníodh sa staidéar gníomhaíochtaí a bhaineann le stopadh agus cuardach agus úsáid fornirt ag na póilíní** mar réimsí inar measadh go ndearnadh idirdhealú. Molann sé tuilleadh fianaise a bhailiú agus dea-chleachtais a chur chun cinn sa réimse sin, rud a thagann faoi inniúlachtaí na mBallstát. Dá réir sin, d'fhoilsigh FRA an tuarascáil '*Addressing racism in policing*' [Aghaidh a thabhairt ar an gciníochas sa phóilíneacht] in 2024[11].

I mí na Nollag 2022, mhol an Coimisiún bearta chun ról agus neamhspleáchas na gcomhlachtaí comhionannais náisiúnta a neartú. Ghlac na reachtóirí na Treoracha atá beartaithe in Earrach 2024 agus tháinig siad i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2024[12]. Leis na caighdeáin cheangailteacha nua, treisítear neamhspleáchas agus acmhainní na gcomhlachtaí comhionannais agus **cuirtear de cheangal ar na Ballstáit cumhachtaí níos láidre a thabhairt do chomhlachtaí comhionannais chun cúnamh éifeachtach a thabhairt d'íospartaigh an idirdhealaithe agus chun cuidiú le rialacha frith-idirdhealaithe a fhorfheidhmiú** sa chleachtas. Féachann na rialacha nua freisin le forbairt a dhéanamh ar ról na gcomhlachtaí comhionannais maidir le hidirdhealú a chosc ar an gcéad dul síos, agus cásanna sonracha míbhuntáiste a eascraíonn as idirdhealú trasnach á gcur san áireamh agus ag díriú ar ghrúpaí ar féidir bac a chur ar a rochtain ar fhaisnéis.

***Cinneadh Réime maidir leis an gciníochas agus leis an tseineafóibe a chomhrac agus modhanna dlíthiúla eile chun an ciníochas a chomhrac***

I bplean gníomhaíochta an Aontais, leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfaidh na Ballstáit trasuí ar an g**Cinneadh Réime maidir leis an gciníochas agus leis an tseineafóibe a chomhrac go hiomlán agus i gceart trí bhíthin an dlí choiriúil**[13]. Is é is aidhm don Chinneadh Réime a áirithiú go ngearrfar pionóis choiriúla éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha ar fud an Aontais mar gheall ar léirithe tromchúiseacha den fhuathchoireacht chiníoch agus sheineafóbach nó den fhuathchaint. Ó bhí 2020 ann, tá bearta déanta ag an gCoimisiún chun a áirithiú go ndéanfar é a thrasuí i gceart agus go hiomlán agus **sheol sé 13 chás um shárú** in aghaidh na mBallstát nach ndearnadh an Cinneadh Réime a

---

[9] Tuarascáil ar chur i bhfeidhm na Treorach maidir le Comhionannas Ciníoch

[10] An Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch; Staidéar ar bhearnaí a d'fhéadfadh a bheith ann

[11] Aghaidh a thabhairt ar an gCiníochas sa Phóilíneacht

[12] Treoir maidir le caighdeáin do chomhlachtaí comhionannais i réimse na fostaíochta, Treoir maidir le caighdeáin do chomhlachtaí comhionannais i réimse an chomhionannais chiníoch

[13] Cinneadh Réime 2008/913/CGB ón gComhairle an 28 Samhain 2008 maidir le cineálacha agus léirithe áirithe ciníochais agus seineafóibe a chomhrac trí bhíthin an dlí choiriúil

thrasuí go hiomlán agus go cruinn ina ndlíthe náisiúnta[14]. Ina measc sin, thug sé Bhallstát a reachtaíocht i gcomhréir iomlán leis an gCinneadh Réime agus dúnadh na cásanna. Tá dul chun cinn déanta ag ceithre cinn eile agus tá siad i mbun a reachtaíocht a leasú.

I mí na Nollag 2021 agus d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na forais theoranta fuatha a chumhdaítear leis an gCinneadh Réime agus chun cosaint chomhionann a áirithiú d'íospartaigh uile an fhuatha, ghlac an Coimisiún Teachtaireacht lena spreagtar cinneadh ón gComhairle an liosta reatha de 'choireanna an Aontais' a leathnú chun an fhuathchaint agus an fhuathchoireacht a chumhdach[15]. Dá nglacfaí é, bheadh an Coimisiún in ann reachtaíocht a chur ar aghaidh chun an dlí coiriúil substainteach a chomhchuibhiú i réimse na fuathchainte agus na fuathchoireachta.

***Aghaidh a thabhairt ar an bhfuath sa tsochaí***

Chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán na fuathchainte agus na fuathchoireachta méadaithe, i mí na Nollag 2023, ghlac an Coimisiún agus an tArdionadaí Teachtaireacht Chomhpháirteach dar teideal 'No place for hate: a Europe united against hatred' [Níl aon áit ann le haghaidh fuatha: Eoraip aontaithe i gcoinne fuatha]. Is é is aidhm don Teachtaireacht dlús a chur le hiarrachtaí an Aontais an fuath de gach cineál a chomhrac, trí ghníomhaíocht a threisiú ar fud beartais éagsúla agus trí chur chuige uile-shochaí. Mar obair leantach dhíreach ar an Teachtaireacht, d'eagraigh an Coimisiún Painéal Saoránach Eorpach maidir le haghaidh a thabhairt ar an bhfuath sa tsochaí[16], inar phléigh 150 saoránach ó Bhallstáit uile an Aontais bearta chun freagairt don fhuath agus don éadulaingt. Mar thoradh air sin, tá 21 mholadh ann a bhfuil gealltanas tugtha ag an gCoimisiún obair leantach a dhéanamh ina leith. Dírítear sna moltaí sin freisin ar bhearta chun aghaidh a thabhairt ar an gciníochas agus ar an idirdhealú trí mheán an oideachais, trí ardú feasachta agus sa spás digiteach.

## 2.2 Sa bhreis ar reachtaíocht an Aontais – níos mó a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an gciníochas sa saol laethúil

- Deir 61 % de mhuintir na hEorpa go bhfuil idirdhealú atá bunaithe ar dhath craicinn forleathan ina dtír féin
- Déantar idirdhealú ciníoch ar bheagnach leath de Dhaoine de Shliocht Afracach, méadú ó 39 % in 2016 go 45 % in 2022
- Tá an t-idirdhealú fós dofheicthe, ní thuairiscíonn ach 9 %

***Idirdhealú ag údaráis forfheidhmithe dlí a chomhrac***

Tá muinín in oifigigh phoiblí, i bhforfheidhmiú an dlí, i bpóilíní agus i bhfórsaí slándála ríthábhachtach do shochaí fheidhmiúil agus is réamhchoinníoll é don chomhtháthú sóisialta. Baineann tearcthuairisciú na fuathchoireachta, an idirdhealaithe chiníoch agus eitnigh agus teagmhas gaolmhar eile go páirteach le heaspa muiníne sna húdaráis fhreagracha. Méadaíonn an easpa muiníne sin nuair a tharlaíonn claontacht chiníoch nó ciapadh ag póilíní nó ag oifigigh phoiblí eile. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach an éagsúlacht a aithint agus cearta bunúsacha a áirithiú i réimse fhorfheidhmiú an dlí chun an ciníochas a chomhrac.

[14] Pacáiste sáruithe mhí na Nollag, Pacáiste sáruithe mhí Eanáir, Pacáiste sáruithe mhí Aibreáin, Pacáiste sáruithe mhí an Mhárta
[15] Coireanna an Aontais a leathnú chuig an bhfuathchaint agus an bhfuathchoireacht
[16] An Painéal maidir leis an bhFuath sa tSochaí a chomhrac

Is í an tuarascáil 2024 ó FRA dar teideal 'Addressing racism in policing' [Aghaidh a thabhairt ar an gciníochas sa phóilíneacht][17] an chéad staidéar uile-Aontais ina mbreathnaítear go cuimsitheach ar na creataí dlíthiúla, ina ndéantar anailís ar na bearnaí i bhfreagairtí beartais agus i maoirseacht éifeachtach, agus ina leagtar amach cleachtais arb é is aidhm dóibh ciníochas sa phóilíneacht a chomhrac. Cuirtear sonraí ar fáil sa tuarascáil maidir leis an gciníochas sa phóilíneacht agus déantar doiciméadú inti go n-áirítear leis an gciníochas sa phóilíneacht cleachtais idirdhealaitheacha próifílithe, cumarsáid mhíchuí chiníoch agus úsáid iomarcach fornirt.

Tá Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL) ag rannchuidiú leis an gcomhrac i gcoinne an chiníochais agus an idirdhealaithe trí oiliúint bhliantúil a chur ar fáil maidir leis an bhfuathchoireacht agus maidir le híospartaigh na fuathchoireachta, agus ina theannta sin, cuireann sí roinnt seimineár gréasáin ar fáil gach bliain, i gcomhar le FRA, maidir leis an bhfuathchoireacht agus béim á leagan ar mhionlaigh éagsúla. Tugtar aghaidh freisin ar stadanna agus ar chuardaigh ag póilíní agus ar phróifíliú ciníoch. Tá an fhuathchoireacht ar cheann de na hábhair is féidir le hoifigigh forfheidhmithe dlí a roghnú agus a mhalartú le comhghleacaí i mBallstát eile faoi chuimsiú Chlár Malartaithe CEPOL.

Ina theannta sin, chuir CEPOL ceardlann ar fáil maidir le tionchar na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta ar fud Iosrael an 7 Deireadh Fómhair 2023, agus an staid dhaonnúil thubaisteach ina dhiaidh sin in Gaza maidir le slándáil an Aontais agus béim ar leith á leagan ar phobail Ghiúdacha agus Mhoslamacha.

Le linn an chomhairliúcháin, **thuairiscigh Eagraíocht Sochaí Sibhialta (ESSanna) agus comhlachtaí comhionannais go raibh borradh faoi theagmhais inar bhain lucht forfheidhmithe an dlí úsáid iomarcach as forneart**, i roinnt Ballstát, rud a thug a mbás fiú go tragóideach i gcás daoine aonair ó phobail chine agus eitneacha. Moltar do na Ballstáit, dá bhrí sin, leanúint dá n-iarrachtaí agus **dlús a chur leo chun dearcthaí idirdhealaitheacha i measc oifigigh forfheidhmithe dlí a chosc.** Moltar dóibh freisin an creat dlíthiúil idirnáisiúnta maidir le húsáid fornirt ag forfheidhmiú an dlí a chur i bhfeidhm[18] lena n-áirítear trí fhorbairt bhreise a dhéanamh le hionchur ó institiúidí náisiúnta um chearta an duine agus ó chomhlachtaí comhionannais, trí oiliúint spriocdhírithe a chur ar phóilíní agus ar oifigigh forfheidhmithe dlí.

***Sábháilteacht agus slándáil***

Thug an Coimisiún aghaidh ar bhagairt an antoisceachais fhoréignigh a eascraíonn as idé-eolaíochtaí ciníocha trí obair Fhóram Idirlín an Aontais Eorpaigh (EUIF)[19] agus an Líonra um Fheasacht ar an Radacú (RAN)[20]. Cuirfidh Mol Eolais nuabhunaithe an Aontais Eorpaigh

[17] Aghaidh a thabhairt ar an gCiníochas sa Phóilíneacht

[18] Caighdeáin idirnáisiúntas |OHCHR

[19] Cuireann Fóram Idirlín an Aontais timpeallacht chomhoibríoch ar fáil do na rialtais san Aontas, do thionscal an idirlín, agus do chomhpháirtithe eile chun plé a dhéanamh ar na dúshláin a bhaineann le hábhar mailíseach neamhdhleathach ar líne agus chun aghaidh a thabhairt orthu. Fóram Gréasáin an Aontais Eorpaigh (EUIF)

[20] An Líonra um Fheasacht ar an Radacú (RAN) Nascann an Líonra um Fheasacht ar an Radacú (Cleachtóirí RAN) cleachtóirí túslíne ó gach cearn den Eoraip le chéile chun eolas, taithí phearsanta agus cineálacha cur chuige a mhalartú maidir le gach cineál antoisceachais fhoréignigh a chosc agus a chomhrac.

maidir le Radacú a Chosc[21] le hobair RAN chun tacaíocht an Aontais a mhéadú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann leis an gciníochas agus leis an tseineafóibe as a n-eascraíonn radacú agus foréigean.

I mí na Samhna 2021, le tacaíocht ó na Ballstáit agus ó Europol, chruthaigh EUIF **pacáiste eolais a nuashonraítear go rialta maidir le grúpaí antoisceacha foréigneacha na heite deise, siombailí agus forógraí a bhfuil toirmeasc orthu i mBallstáit an Aontais**, chun iarrachtaí deonacha cuideachtaí teicneolaíochta maidir le modhnóireacht inneachair a éascú. Ina theannta sin, seoladh staidéar chun scrúdú a dhéanamh ar a mhéid a mhéadaíonn algartaim ábhar sceimhlitheoireachta agus ábhar antoisceach foréigneach d'úsáideoirí ar líne[22]. Scrúdaítear sa staidéar freisin a mhéid a mhéadaítear ábhar teorannach, amhail cineálacha áirithe fuathchainte, bréagaisnéise agus cineálacha eile inneachair dhlíthiúil ach dhíobhálaigh a bhféadfadh radacú agus earcaíocht a bheith mar thoradh orthu.

Sa chomhthéacs sin, **tá Lámhleabhar d'Ábhar Amhrasach forbartha ag EUIF freisin**[23] ina soláthraítear samplaí agus sainmhínithe ar an gcineál sin ábhair d'ardáin teicneolaíochta i modhnóireacht ábhair chun úsáideoirí a chosaint ar ábhar ciníoch, frithsheimíteach agus ar ábhar amhrasach frith-Mhoslamach ar líne.

I mí na Bealtaine 2024, rinne RAN scrúdú ar thionchar insintí antoisceacha foréigneacha na heite deise ar an díospóireacht shóisialta. Chun aghaidh a thabhairt ar insintí a insíothlaíonn réimsí éagsúla, amhail an spórt, na meáin, an pholaitíocht, agus ardáin ar líne, agus cuireann comhtháthú smaointeoireachta criticiúla agus litearthachta sna meáin i gcuraclaim scoile le soghabháltacht i leith idé-eolaíochtaí ciníocha a laghdú. Féadfaidh cur chun cinn tuisceana ar dhearcthaí éagsúla agus ar fhreagracht na meán a chur chun cinn chun scaipeadh neamhchriticiúil ábhair antoiscigh a sheachaint.

***Aghaidh a thabhairt ar rioscaí i dteicneolaíochtaí nua***

D'fhéadfadh úsáid IS difear diúltach a dhéanamh do chearta bunúsacha amhail an ceart chun neamh-idirdhealaithe, toisc gur féidir le halgartaim a bheith claonta nó éirí claonta le himeacht ama, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le hidirdhealú i réimsí na fostaíochta, an oideachais, na slándála sóisialta agus fhorfheidhmiú an dlí[24]. D'fhéadfadh uirlisí IS i bhforfheidhmiú an dlí próifíliú ciníoch a mhéadú. Ghlac an tAontas Eorpach an chéad chreat rialála de chuid an Aontais maidir leis an intleacht shaorga i mí na Bealtaine 2024, lena bhforáiltear d'anailís agus d'aicmiú córas intleachta saorga i bhfeidhmchláir éagsúla de réir an riosca a bhaineann leo d'úsáideoirí[25]. Ní mór do chórais intleachta saorga a mheastar a bheith ina n-ardriosca sraith ceanglas a chomhlíonadh sular féidir iad a chur ar an margadh, chun trédhearcacht a mhéadú agus chun rioscaí don tsábháilteacht agus do chearta bunúsacha a íoslaghdú. Áirítear leis sin an chlaontacht agus an t-idirdhealú a d'fhéadfadh a bheith ann i gcórais IS ardriosca, e.g. iad siúd a úsáideann forfheidhmiú an dlí, earcaíocht, oideachas agus cúram sláinte. Thairis sin, leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga, cuirtear toirmeasc ar úsáid IS le haghaidh **póilíneacht réamhfháistineach** bunaithe ar phróifíliú agus ar chórais a úsáideann **sonraí bithmhéadracha** chun daoine a chatagóiriú de réir catagóirí sonracha amhail cine, reiligiún nó gnéaschlaonadh.

---

[21] Mol Eolais an Aontais Eorpaigh: Cosc ar an Radacú 2.0
[22] Staidéar ar ról agus úsáid an aimplithe algartamaigh
[23] Athbhreithniú ar Bhliain EUIF 2022
[24] An Gníomh um an Intleacht Shaorga
[25] Téacsanna an Ghnímh | An Gníomh um an Intleacht Shaorga

***Leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha*** **(DSA)** tugtar aghaidh ar ábhar neamhdhleathach agus ar bhréagaisnéis ar líne, lena n-áirítear fuathchaint chiníoch, agus cuirtear cosc ar dhamáiste a d'fhéadfadh scaipeadh ábhair neamhdhleathaigh a dhéanamh. Ó bhí 2016 ann, tá an Coimisiún ag obair le soláthraithe ardán mór faoin gCód Iompair maidir le fuathchaint neamhdhleathach ar líne a chomhrac[26]. Ceann de na príomhghealltanais a thug ardáin rannpháirteacha is ea measúnú a dhéanamh ar fhógraí faoi fhuathchaint neamhdhleathach líomhnaithe laistigh de 24 huaire an chloig i bhformhór na gcásanna, agus an t-ábhar a bhaint go tapa, nuair is gá. Tá torthaí tábhachtacha bainte amach mar thoradh ar an gCód agus mheall sé ardáin nua ó seoladh é, lena n-áirítear TikTok, LinkedIn, Viber, agus Twitch. Tar éis theacht i bhfeidhm an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha, tá leagan athbhreithnithe den Chód Iompair curtha isteach ag na Sínitheoirí, arb é is aidhm dó neartú a dhéanamh ar a chumas cosc a chur ar mhearscaipeadh na fuathchainte, trí shásraí foláirimh.

***Fostaíocht, oideachas, sláinte agus tithíocht***

Lean an tAontas d'úsáid a bhaint as bearta beartais agus cláir chistiúcháin chun ciníochas agus idirdhealú ciníoch a chomhrac maidir le rochtain ar fhostaíocht phríomhshrutha, ar oideachas agus oiliúint, ar chúram sláinte, ar chosaint shóisialta agus ar thithíocht neamh-idirdheighilte.

Le linn an phróisis comhairliúcháin, chuir páirtithe leasmhara na sochaí sibhialta in iúl **nach bhfuil feabhas suntasach tagtha ar cháilíocht saoil daoine ó mhionlaigh chine agus eitneacha le cúpla bliain anuas**. Tá dúshláin fós rompu maidir le rochtain a fháil ar thithíocht inacmhainne agus leordhóthanach. Bhí tionchar díréireach ag iarmhairt thromchúiseach eacnamaíoch phaindéim COVID-19 agus cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine ar phobail imeallaithe, a raibh orthu aghaidh a thabhairt ar mhéaduithe ar chíosanna, ar bhillí fuinnimh agus ar an gcostas maireachtála[27].

Is ar na húdaráis náisiúnta agus áitiúla atá an phríomhfhreagracht as neamhionannas sóisialta a chosc agus aghaidh a thabhairt air agus idirdheighilt chónaithe agus idirdheighilt sna scoileanna a chomhrac, tá sé ríthábhachtach go n-áiritheoidh na Ballstáit go **ndíreofar beartais agus cláir maidir le cuimsiú sóisialta go héifeachtach ar** dhaoine arb as cine nó grúpa eitneach mionlaigh iad agus go rachaidh siad i gcion orthu agus go gcothóidh siad a rochtain ar sheirbhísí príomhshrutha neamh-idirdheighilte.

***Fostaíocht***

Is minic a dhéantar idirdhealú ar dhaoine arb as cine nó grúpa eitneach mionlaigh iad chun poist nó oiliúint a fháil.

Trí ghlacadh d'aon toil an Mholta ón gComhairle maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach i mí an Mhárta 2021[28], gheall na Ballstáit bearta a cheapadh chun an t-idirdhealú a chomhrac agus deireadh a chur leis. Áirítear orthu sin bearta chun feasacht a mhúscailt maidir le fostaíocht neamh-idirdhealaitheach agus rochtain ar bhearta fostaíochta agus gníomhachtúcháin, agus oiliúint a chur ar fhostóirí chun aghaidh a thabhairt ar an idirdhealú agus ar na bunchúiseanna atá leis.

---

[26] Cód iompair an Aontais maidir le fuathchaint neamhdhleathach ar líne a chomhrac

[27] Féach mar shampla: Tionchar ghéarchéim COVID-19 ar ghrúpaí leochaileacha san Aontas, Tionchar COVID-19 ar ioncam teaghlach san Aontas

[28] Moladh ón gComhairle maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach, an 12 Márta 2021.

Ina theannta sin, is é is aidhm don phlean gníomhaíochta maidir le lánpháirtiú agus cuimsiú 2021-2027 (APII)[29] na dúshláin atá os comhair imirceach agus saoránach a mbaineann cúlra imirceach leo a shárú. Leis an straitéis sin, tugtar aghaidh ar na príomhbhacainní ar lánpháirtiú atá roimh náisiúnaigh tríú tír i bpríomhréimsí (tithíocht, oideachas, fostaíocht agus cúram sláinte).

***Oideachas***

Agus rochtain mhíchothrom ar oideachas cuimsitheach príomhshrutha ar ardchaighdeán ann, buanaítear éagothromaíochtaí socheacnamaíocha ar fud línte ciníocha agus eitneacha. Is mó an seans go bhfágann daoine de bhunadh na hAfraice an scoil go luath agus nach nglacann siad páirt chomh minic sin in oideachas treasach[30]. Trí chomhdheiseanna oideachais a chur ar fáil mar aon le tacaíocht spriocdhírithe chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní grúpa-shonracha ar rochtain, is féidir cuidiú le cothrom na Féinne a bhaint amach. Ina theannta sin, is féidir leis an oideachas aghaidh a thabhairt ar chlaontachtaí agus ar steiréitíopaí trí smaointeoireacht chriticiúil a chothú agus éagsúlacht a chur chun cinn i gcuraclaim agus in ábhair theagaisc.

Feabhas a chur ar cháilíocht, cothromas, cuimsiú agus rath do chách, is é sin an chéad tosaíocht den **chreat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais (LEO)**[31]. A bhuí le Meithleacha chreat straitéiseach LEO (2021-2025)[32], bhíothas in ann faisnéis a mhalartú maidir le cleachtais a thugann aghaidh ar chineálacha éagsúla idirdhealaithe agus claontachta san oideachas agus san oiliúint agus tríothu – lena n-áirítear ciníochas, idirdhealú ar fhorais tionscnaimh eitnigh nó chiníoch, neamhionannais shóisialta agus chríochacha agus idirdhealú trasnach[33].

Is é is aidhm don **Mholadh ón gComhairle maidir le Conairí i dtreo na Rathúlachta Scoile**[34] a glacadh i mí na Samhna 2022, gach foghlaimeoir a chumhachtú chun a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach, luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna a laghdú, feidhmíocht i mbunscileanna a fheabhsú agus folláine ar scoil a chur chun cinn le haghaidh gach foghlaimeora, gan beann ar a gcúlra socheacnamaíoch, cultúrtha nó pearsanta. Áirítear ann bearta tacaíochta do ghrúpaí atá i mbaol eisiaimh agus tearcghnóthachtála, amhail mionlaigh chine agus eitneacha agus mic léinn a mbaineann cúlra imirceach leo.

***Sláinte***

De dheasca phaindéim COVID-19, géaraíodh ar na héagothromaíochtaí sláinte a bhí ann cheana, go háirithe i gcás daoine arb as cine nó grúpa eitneach mionlaigh iad[35].

---

[29] An Plean Gníomhaíochta maidir le Lánpháirtiú agus Ionchuimsiú

[30] 'Being Black in the EU – Experiences of people of African descent' [Bheith Dubh san Aontas Eorpach – Eispéiris daoine de shliocht Afracach]

[31] Council Resolution on a strategic framework for European cooperation in education and training towards the European Education Area and beyond [Rún ón gComhairle maidir le creat straitéise le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn] (2021-2030)

[32] Meithleacha Chreat Straitéiseach LEO

[33] 'Tackling different forms of discrimination in and through education and training' [Aghaidh a thabhairt ar chineálacha éagsúla idirdhealaithe san oideachas agus san oiliúint agus tríothu]

[34] Moladh ón gComhairle maidir le Conairí i dtreo na Rathúlachta Scoile

[35] Mar shampla: Iniúchadh a dhéanamh ar Éifeachtaí Phaindéim COVID-19 ar Mheabhairshláinte agus Folláine Daonraí Imirceacha san Eoraip, Torthaí atá ag teacht chun cinn maidir le tionchar COVID-19 ar dhaoine

Is féidir le ciníochas difear a dhéanamh do mheabhairshláinte na n-íospartach.[36] Sa **Teachtaireacht maidir le Cur Chuige Cuimsitheach i leith na Meabhairshláinte**[37] leagtar béim ar an tionchar a bhíonn ag idirdhealú ar fhorais éagsúla, lena n-áirítear ar bhunadh ciníoch nó eitneach, ar an meabhairshláinte. Tacaíonn Clár EU4Health le gníomhaíochtaí[13] lena méadaítear feasacht, comhroinnt eolais agus fothú acmhainneachta i réimse na meabhairshláinte agus riachtanais na bpobal imirceach leochaileach agus na bpobal Romach á gcur san áireamh.

***Tithíocht***

Tá daoine arb as cine nó grúpa eitneach mionlaigh iad i mbaol níos mó go mbeidh drochdhálaí tithíochta agus leithscaradh cónaithe acu. Bíonn idirdheighilt spásúil agus shóisialta le brath ag dhá ghrúpa go háirithe: Romaigh agus imircigh. Féadfaidh éifeacht iarmhartach a bheith ag na dúshláin sin ansin ó thaobh deiseanna oideachais nó fostaíochta de agus, i gcás teaghlaigh a bhfuil leanaí acu, féadfaidh siad dochar suntasach a dhéanamh d’fhorbairt leanaí. Infhaighteacht theoranta agus droch-chaighdeán na tithíochta sóisialta, cuireann siad sin bac eile ar ghrúpaí atá i gcásanna leochaileacha.

Leis na Conclúidí ón gComhairle maidir le bearta chun rochtain chomhionann ar thithíocht leormhaith neamh-leithscartha a áirithiú do na Romaigh, agus chun aghaidh a thabhairt ar lonnaíochtaí leithscartha, a glacadh i mí Dheireadh Fómhair 2023[38], tá gealltanas tugtha ag na Ballstáit leas iomlán a bhaint as cistí an Aontais chun rochtain chomhionann ar thithíocht leormhaith neamh-leithscartha a éascú.

Chun aghaidh a thabhairt ar an mborradh atá tagtha ar phraghsanna tithe agus ar chíosanna, fógraíodh i dTreoirlínte Polaitiúla an Choimisiúin Eorpaigh go bhforbrófaí an Plean Tithíochta Inacmhainne[39].

---

eitneacha dubha agus mionlaigh, Éagothromaíochtaí i dTorthaí COVID-19 de réir Cine, Eitneachta agus Stádas Socheacnamaíoch

[36] Cuireadh i dtábhacht i meitea-anailís agus in athbhreithniú córasach go bhfuil baint shuntasach ag an gciníochas le drochshláinte, agus go bhfuil ceangal an-láidir aige leis an meabhairshláinte agus nach bhfuil sé chomh láidir céanna leis an tsláinte choirp. Leag roinnt staidéar béim ar thionchar diúltach an idirdhealaithe chiníoch ar mheabhairshláinte, go háirithe maidir le forbairt neamhoird mothachtála, síceacha agus úsáide substaintí. Schouler-Ocak etc (2021); ‘Racism and mental health and the role of mental health professionals’, in: European Psychiatry 64, leathanaigh 42-50

[37] Teachtaireacht maidir le cur chuige cuimsitheach i leith na sláinte

[38] Conclúidí ón gComhairle maidir le bearta chun rochtain chomhionann ar thithíocht leormhaith neamh-leithscartha a áirithiú do Romaigh, agus chun aghaidh a thabhairt ar lonnaíochtaí leithscartha

[39] Treoirlínte polaitiúla 2024-2029

## 3. Ciníochas struchtúrach – aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb bhunúsach

I bplean gníomhaíochta an Aontais tugtar aghaidh ar an **gciníochas struchtúrach** a bhuanaíonn bacainní atá roimh dhaoine mar gheall ar a mbunadh ciníoch nó eitneach amháin. Leis an gciníochas, an neamhionannas agus an t-idirdhealú, laghdaítear comhionannas deiseanna agus eascraítear astu torthaí níos boichte i ngach réimse ar feadh shaol an duine ag tosú ó aois óg. Is féidir é sin a fheiceáil san idirdheighilt san oideachas, níos lú ama san oideachas, deiseanna teoranta ó thaobh gairmeacha de, agus idirdhealú sa mhargadh tithíochta agus i rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí. D'fhéadfadh maireachtáil faoi bhun thairseach na bochtaineachta a bheith mar thoradh ar éifeachtaí carnacha an chiníochais struchtúraigh ar aon duine aonair, agus d'fhéadfadh soghluaisteacht shóisialta laghdaithe a bheith mar thoradh orthu**.**

Is féidir an ciníochas a chomhcheangal le hidirdhealú bunaithe ar fhorais eile, lena n-áirítear reiligiún nó creideamh, inscne, claonadh gnéasach, aois nó míchumas. Dá bhrí sin, tá cur chuige trasnach á shaothrú ag an Aontas maidir leis an tsaincheist lena dtugtar aird ar an teaglaim d'fhorais éagsúla idirdhealaithe chun an tuiscint ar chiníochas struchtúrach a dhoimhniú agus chun a áirithiú go mbeidh na freagairtí níos éifeachtaí.

### 3.1 Beartais chun an taoide a chasadh

***Steiréitíopaí a chomhrac agus feasacht ar an stair a mhúscailt***

Agus é ag breathnú siar ar imeachtaí a tharla roimhe seo agus ag tógáil ar an Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis na hagóidí frithchiníochais tar éis bhás George Floyd[40] in Minneapolis, na Stáit Aontaithe, i mí na Bealtaine 2020, **lean an Coimisiún de chiníochas agus idirdhealú ciníoch a thabhairt chun suntais go poiblí agus a cháineadh**, e.g. trí imeachtaí polaitiúla ardleibhéil, agus laethanta cuimhneacháin a eagrú.

I mí na Samhna 2023, **d'eagraigh Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh**, i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach agus FRA comhdháil maidir le **'Frithchiníochas san Aontas Eorpach: daoine de shliocht Afracach – aitheantas, ceartas agus forbairt'**, ailínithe le Deich mBliana Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe do Dhaoine de Shliocht Afracach (2015-2024)[41] agus le Dearbhú agus Clár Gníomhaíochta Durban 2001.

An 5 Nollaig 2023, rinne an Coimisiún agus Parlaimint na hEorpa an **Lá Eorpach um Chealú na Sclábhaíocht** a chomóradh go comhpháirteach. Dhírigh an ócáid ar an tábhacht a bhaineann le fréamhacha stairiúla an chiníochais a aithint, agus ar thionscnaimh a fhiosrú chun aghaidh a thabhairt ar oidhreacht an choilíneachais agus na sclábhaíochta.

Leag an Coimisiún béim freisin ar an gcuimhneachán mar ghné thábhachtach chun cuimsiú agus tuiscint a spreagadh, steiréitíopaí a chomhrac agus feasacht a mhúscailt. Tá an Coimisiún ag tacú le tionscadail ina ndéantar iniúchadh ar oidhreacht an choilíneachais, laistigh agus lasmuigh den Aontas araon, i réimse an chuimhneacháin Eorpaigh faoin gClár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (CERV).

***Na sonraí cearta le haghaidh roghanna beartais eolasacha***

---

[40] Na hagóidí i gcoinne an chiníochais tar éis bhás George Floyd
[41] Deich mBliana Idirnáisiúnta do Dhaoine de Shliocht Afracach (2015-2024) | UNESCO

Ní cheadaíonn roinnt Ballstát sonraí maidir le heitneacht a bhailiú, agus tá iarrachtaí déanta ag Ballstáit eile sonraí den sórt sin a bhailiú, e.g. le cúnamh ó eagraíochtaí pobalbhunaithe. Is deacair comparáid a dhéanamh idir tacair sonraí um chomhionannas náisiúnta, i gcás inar ann dóibh.

Mar sin féin, tá sonraí ríthábhachtach chun gnéithe struchtúracha agus eispéiris shuibiachtúla an chiníochais agus an idirdhealaithe araon a ghabháil. Leis an bplean gníomhaíochta maidir 2020-2025, mhol an Coimisiún do na Ballstáit bogadh i dtreo cur chuige comhchuibhithe maidir le bailiú sonraí comhionannais atá imdhealaithe bunaithe ar thionscnamh ciníoch nó eitneach. Bunaithe ar obair an Fhoghrúpa maidir le sonraí comhionannais ina dhiaidh sin, thíolaic an Coimisiún an **Nóta Treorach maidir le bailiú agus úsáid sonraí comhionannais bunaithe ar thionscnamh cine nó eitneach**[42].

**Chuir Eurostat tús le bunú 'tascfhórsa staidrimh comhionannais agus neamh-idirdhealaithe'**[43] chun oibriú leis na Ballstáit, leis na príomhúsáideoirí agus le táirgeoirí sonraí eile le haghaidh staidreamh níos cuimsithí agus níos inchomparáide maidir le comhionannas agus neamh-idirdhealú. Táthar ag súil go bhforbróidh an tascfhórsa treoirlínte agus moltaí maidir le hinchomparáideacht fheabhsaithe staidrimh comhionannais agus neamh-idirdhealaithe ar fud na mBallstát; modheolaíochtaí agus dea-chleachtais a mholadh chun cumhdach a leathnú chuig grúpaí éagsúla atá i mbaol idirdhealaithe; comhlántachtaí a shainaithint agus tacú leis an gcomhordú le táirgeoirí sonraí eile. Tá sé mar aidhm ag an tascfhórsa a chuid oibre a thabhairt chun críche faoi dheireadh 2026.

### 3.2. Creat seachadta – leas iomlán a bhaint as uirlisí an Aontais

*Gníomhaíocht ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta*

Is freagracht chomhroinnte é an ciníochas a chomhrac san Aontas agus tá gá le hiarrachtaí comhpháirteacha leis na Ballstáit. Sin é **an fáth ar mhol an Coimisiún do na Ballstáit uile pleananna gníomhaíochta náisiúnta a ghlacadh in aghaidh an chiníochais agus an idirdhealaithe chiníoch** agus chuir sé treoir ar fáil chun tacú leo sa phróiseas sin. Leagadh béim ar an ngealltanas pleananna gníomhaíochta náisiúnta tiomnaithe a ghlacadh in aghaidh an chiníochais sna **Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gciníochas agus an frithsheimíteachas a chomhrac**[44]a glacadh i mí an Mhárta 2022.

*Pleananna gníomhaíochta náisiúnta*

De réir an chomhairliúcháin atá mar bhonn eolais don tuarascáil seo, **tá pleananna gníomhaíochta náisiúnta tiomnaithe tábhachtach sa chomhrac i gcoinne an chiníochais** agus ba cheart iad a fhorbairt agus a chur chun feidhme i ngach Ballstát. Cuireann siad beartas poiblí cuimsitheach ar fáil chun comhionannas ciníoch a chur chun cinn[45] agus léiríonn siad go bhfuil sé beartaithe ag na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá rompu chun deireadh a chur le hidirdhealú ciníoch[46]. Cuidíonn siad freisin leis na Ballstáit oibleagáidí idirnáisiúnta ábhartha maidir le cearta an duine a chur i bhfeidhm.

---

[42] Nóta Treorach maidir le bailiú agus úsáid sonraí comhionannais bunaithe ar thionscnamh cine nó eitneach
[43] Tagann Tascfhórsa Eurostat um Staidreamh Comhionannais agus Neamh-Idirdhealaithe le chéile
[44] Conclúidí glactha ag an gComhairle maidir leis an gciníochas agus an frithsheimíteachas a chomhrac
[45] OHCHR: Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais
[46] Pleananna gníomhaíochta náisiúnta a fhorbairt i gcoinne idirdhealú ciníoch

Cheana féin, ghlac 11 Bhallstát – an Bheilg, an Ghearmáin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Laitvia, Málta, an Phortaingéil, an Fhionlainn agus an tSualainn – plean gníomhaíochta náisiúnta tiomnaithe in aghaidh an chiníochais, agus ina theannta sin tá plean gníomhaíochta náisiúnta tiomnaithe in aghaidh an chiníochais á ullmhú ag an Danmhairg, an Iodáil, Lucsamburg, an Ungáir agus an Ostair. Faoi láthair, tá bearta frithchiníochais comhtháite ag an tSeicia, an Danmhairg, an Eastóin, an Chróit, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, an Ostair, an Rómáin agus an tSlóvaic i bpleananna gníomhaíochta náisiúnta eile, e.g. maidir le cearta an duine nó comhtháthú sóisialta.[47]

Léiríodh sa chomhairliúchán leis na Ballstáit roinnt dúshlán maidir le beartas agus cur chun feidhme frithchiníochais a phleanáil. I bhformhór na mBallstát, níl aon **bhuiséad leithdháilte go sonrach** chun na pleananna gníomhaíochta náisiúnta a chur chun feidhme. I roinnt Ballstát, déanann aireachtaí gníomhaíochtaí ón bplean gníomhaíochta náisiúnta a chistiú de réir a bpunann nó trí chistiú tionscadail agus cuireann institiúidí neamhrialtasacha chun feidhme iad. Cé go ndealraíonn sé go raibh **baint ag formhór na mBallstát le go leor páirtithe leasmhara éagsúla i sásraí comhordaithe, comhairliúcháin nó comhairleacha**, níl sé soiléir fós a mhéid a d'áirithigh siad rannpháirtíocht na bpobal dá ndéantar difear agus a n-ionadaithe.

Ní dhearna na Ballstáit mapáil chórasach ar na foinsí sonraí atá ann cheana a sholáthraíonn faisnéis maidir le bunadh ciníoch nó eitneach, agus d'úsáid siad **sonraí comhionannais ar bhealach neamhrialta** chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt agus faoi raon feidhme na bpleananna gníomhaíochta. Is féidir na cineálacha éagsúla cur chuige i leith úsáid sonraí a fheiceáil, ar an gcaoi chéanna, sna hiarrachtaí chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na bpleananna gníomhaíochta.

Tá tuiscintí agus léirmhínithe éagsúla ar choincheap an chiníochais struchtúraigh i measc na mBallstát, rud a d'fhág gur ghlac an chuid is mó díobh bearta sách ilroinnte, agus níl aon fhorálacha ag roinnt Ballstát in aghaidh an chiníochais struchtúraigh ar chor ar bith. Is amhlaidh atá i gcás cur chuige trasnach a chur i bhfeidhm maidir leis an gciníochas a chomhrac. Nuair a úsáidtear cur chuige trasnach, tá sé teoranta den chuid is mó don fhoras inscne. Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag obair leis na Ballstáit chun cineálacha cur chuige indéanta a fhorbairt chun dul i ngleic leis an gciníochas struchtúrach agus thug sé sainordú do ECFE táscairí féideartha a fhorbairt.

Le linn an phróisis comhairliúcháin, leag páirtithe leasmhara, go háirithe ESSanna, béim ar ábharthacht an phlean gníomhaíochta maidir leis na dúshláin atá roimh imircigh agus

---

[47] Braitheann an fhaisnéis ar chomhairliúchán spriocdhírithe le páirtithe leasmhara na mBallstát, rud a bhí mar chuid de phróiseas comhairliúcháin níos leithne. Níor ghlac an Bhulgáir, an Chipir ná an Íslitír páirt sa chomhairliúchán spriocdhírithe le páirtithe leasmhara, agus níor ainmnigh an Pholainn ná an tSlóivéin toscairí náisiúnta chuig an bhFoghrúpa go fóill, agus dá bhrí sin níor ghlac siad páirt sa chomhairliúchán ach oiread.

I bplean gníomhaíochta an Aontais maidir le frithchiníochas déantar tagairt do 15 Bhallstát a bhfuil pleananna gníomhaíochta náisiúnta acu. Tá na hionstraimí sin éagsúil, áfach, ó thaobh na dteideal agus na ngnéithe a chumhdaítear. Cé go bhfuil cuid acu lipéadaithe go soiléir mar phleananna gníomhaíochta in aghaidh an chiníochais, tá raon éagsúil ag cuid eile acu nó d'fhéadfadh sé nach meastar gur pleananna gníomhaíochta lánfheidhme iad. Dá bhrí sin, níl líon foriomlán na cumarsáide sin ná na bpleananna gníomhaíochta frithchiníochais inchomparáide. Chun anailís mhionsonraithe a fháil ar dheich mBallstát, féach an staidéar a rinne Parlaimint na hEorpa: Cosaint ar chiníochas, ar sheineafóibe agus ar idirdhealú ciníoch, agus Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Frithchiníochas.

dídeanaithe. Cuireann an ciníochas agus an tseineafóibe bacainní breise ar chuimsiú imirceach sa tsochaí agus ní mór aghaidh a thabhairt ar mheon frith-imirceach mar chuid de phlean gníomhaíochta náisiúnta in aghaidh an chiníochais.

Chun cabhrú leis na Ballstáit, chruthaigh an Coimisiún **Foghrúpa maidir le cur chun feidhme náisiúnta phlean gníomhaíochta an Aontais maidir le frithchiníochas** ina bhfuil **saineolaithe ó** na Ballstáit agus breathnóirí[48] faoin nGrúpa Ardleibhéil um an bhfuathchoireacht agus an fhuathchaint a chomhrac[49] agus faoin nGrúpa Ardleibhéil um neamh-idirdhealú, comhionannas agus éagsúlacht[50]. Forbraíonn an Foghrúpa uirlisí beartais chun cuidiú le gach céim de phlean gníomhaíochta a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil. Eagraíonn sé cruinnithe ilpháirtithe leasmhara freisin chun dea-chleachtais a roinnt agus plé a dhéanamh chun feabhas a chur ar staid daoine arb as cine nó grúpa eitneach mionlaigh iad. Ina theannta sin, tugann an Foghrúpa aghaidh ar shaincheisteanna comhaimseartha ríthábhachtacha, lena n-áirítear an méadú ar an bhfuath frith-Mhoslamach.

I ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus le FRA d'fhoilsigh an Foghrúpa **treoirphrionsabail choiteanna le haghaidh pleananna gníomhaíochta náisiúnta in aghaidh an chiníochais agus an idirdhealaithe chiníoch**[51] **in 2021**. In 2022 chuir an Foghrúpa **seicliosta faireacháin i dtoll a chéile maidir leis na treoirphrionsabail choiteanna a chur i bhfeidhm agus uirlis chun tuairisciú a dhéanamh ar chur chun feidhme pleananna gníomhaíochta náisiúnta in aghaidh an chiníochais**[52]**.** D'fhormhuinigh na Ballstáit an dá uirlis bheartais sa dá ghrúpa ardleibhéil thuasluaite[53].

Ina theannta sin, bhailigh an Coimisiún **cleachtais a bhfuil gealladh fúthu** ó na Ballstáit a bhaineann le próisis agus gníomhaíochtaí an phlean gníomhaíochta náisiúnta chun an ciníochas a chomhrac agus tá sé ar tí iad a fhoilsiú.

***Na leibhéil réigiúnacha agus áitiúla a shlógadh chun tionchar fóinteach a imirt ar an láthair***

Maoiníonn an Coimisiún Comhghuaillíocht Eorpach na gCathracha i gcoinne an Chiníochais (ECCAR), líonra cathracha a chomhroinneann taithí chun a mbeartais a fheabhsú d'fhonn ciníochas, idirdhealú agus seineafóibe a chomhrac. Tacaíonn obair ECCAR le cur chun feidhme an phlean gníomhaíochta go sonrach ar an leibhéal áitiúil.

Tacaíonn an Tionscnamh Uirbeach Eorpach, arna bhainistiú ag an gCoimisiún trí bhainistíocht indíreach, leis an gClár Oibre Uirbeach do chomhpháirtíocht an Aontais, Cathracha an Chomhionannais[54]. Is é is aidhm don chomhpháirtíocht sin, a seoladh in 2024, cineálacha cur chuige cuimsitheacha agus uileghabhálacha a fhorbairt chun comhionannas a chothú i gceantair uirbeacha.

---

[48] Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, an Coimisiún Eorpach i gcoinne an Chiníochais (Comhairle na hEorpa), an Iorua

[49] Grúpa Ardleibhéil um chomhrac na fuathchainte agus na fuathchoireachta

[50] Grúpa Ardleibhéil um neamh-idirdhealú, comhionannas agus éagsúlacht

[51] Treoirphrionsabail choiteanna le haghaidh pleananna gníomhaíochta náisiúnta in aghaidh an chiníochais

[52] Seicliosta faireacháin do chur chun feidhme na dtreoirphrionsabal coiteann agus na huirlise tuairiscithe chun pleananna gníomhaíochta náisiúnta in aghaidh an chiníochais a chur chun feidhme

[53] Glacadh na treoirphrionsabail choiteanna i mí na Nollag 2021 agus formhuiníodh an seicliosta faireacháin agus an uirlis tuairiscithe i mí na Samhna 2022.

[54] Cathracha Comhionannais

Tá ról tábhachtach ag bailte, cathracha agus réigiúin freisin maidir le timpeallachtaí cuimsitheacha a thógáil dá saoránaigh. Chun aird a tharraingt ar a n-iarrachtaí agus a ngealltanais, sheol an Coimisiún in 2022 ainmniú Phríomhchathair/Phríomhchathracha Eorpacha an chuimsithe agus na héagsúlachta – an **Gradam bliantúil do Phríomhchathracha Eorpacha an Chuimsithe agus na hÉagsúlachta**[55] lena gcumhdaítear gach foras idirdhealaithe: inscne, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois, claonadh gnéasach, chomh maith le trasnachas.

***Ag obair leis an earnáil phríobháideach***

Ó bhí 2020 ann, **d'ardaigh Mí Éagsúlachta an Aontais**[56] feasacht faoi thábhacht na héagsúlachta agus an chuimsithe san ionad oibre, agus ar bhonn níos leithne sa tsochaí. In 2021, mar shampla, dhírigh Mí Éagsúlachta an Aontais ar éagsúlacht chiníoch agus eitneach san ionad oibre agus ar an bhfáth a bhfuil tábhacht léi don ghnó. Le linn Mhí Éagsúlachta an Aontais 2023, sheol an Coimisiún Eorpach uirlis féinmheasúnaithe éagsúlachta de chuid an Aontais[57] d'fhostóirí agus d'eagraíochtaí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach.

I mí na Samhna 2021, thionóil **Ardán an Aontais Eorpaigh um Chairteacha Éagsúlachta** cruinniú comhchéime fíorúil dar teideal '*Let's talk about racism – the EU anti-racism action plan and its impact' [Labhraímis faoin gciníochas – plean gníomhaíochta an Aontais maidir le frithchiníochas agus a thionchar]*chun feasacht a mhúscailt ar obair an Aontais maidir leis an bhfrithchiníochas agus chun teagmháil a dhéanamh le fostóirí. Ina dhiaidh sin, reáchtáladh ceardlann i mí na Bealtaine 2023 maidir le *"Conas eagraíochtaí frithchiníocha agus eagraíochtaí a bheadh cuimsitheach ar bhonn reiligiúnach a thógáil?*".

***Príomhshruthú***

Rinne an Coimisiún an **frithchiníochas a phríomhshruthú ina réimsí beartais uile** agus d'iarr sé ar na Ballstáit freisin measúnú a dhéanamh ar a dtionscnaimh trí lionsa frithchiníochais agus bearta frithchiníochais a ionchorprú ina réimsí beartais uile. Ciallaíonn sé sin claontuairim chiníoch a d'fhéadfadh a bheith ann – bíodh sé comhfhiosach nó neamh-chomhfhiosach – agus patrúin idirdhealaithe a chur san áireamh sna rialacha, sna noirm agus sna próisis a chuireann siad i bhfeidhm, agus ina ndearcthaí, agus ina n-iompraíochtaí.

Tá struchtúir ríthábhachtach chun institiúidiú, comhleanúnachas agus inbhuanaitheacht obair bheartas frithchiníochais an Choimisiúin a áirithiú agus chun tacú leis an obair sin.

Tá ról lárnach fós ag **Tascfhórsa an Choimisiúin um Chomhionannas**[58], ar a bhfuil ionadaithe ("comhordaitheoirí comhionannais") ó Ard-Stiúrthóireachtaí uile an Choimisiúin agus na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí, chun a áirithiú go léirítear cuspóirí phlean gníomhaíochta an Aontais maidir le frithchiníochas i mbeartais uile an Aontais. A bhuí leis an Tascfhórsa bhíothas in ann forais chomhionannais, lena n-áirítear bunadh ciníoch nó eitneach, a phríomhshruthú go comhsheasmhach i dtionscnaimh bheartais agus i ngníomhaíocht inmheánach an Choimisiúin. Trí bheith ag obair ar fhorais chomhionannais éagsúla mar chuid de chur chuige comhpháirteach, réitíodh an bealach freisin chun trasnachas a chur chun feidhme i gceapadh beartas agus sa reachtaíocht.

---

[55] Gradam do Phríomhchathracha Ionchuimsithe agus Éagsúlachta na hEorpa 2024
[56] Mí Éagsúlachta an Aontais
[57] Measúnú a dhéanamh ar an éagsúlacht agus ar an gcuimsiú i d'eagraíocht
[58] An Tascfhórsa um Chomhionannas sa Choimisiún Eorpach

I measc na samplaí chun an frithchiníochas a phríomhshruthú i mbeartais an Aontais tá:

***Cearta leanaí*** **–** Straitéis an Aontais maidir le cearta an linbh, a glacadh an 24 Márta 2021[59], agus an Moladh ón gCoimisiún maidir le córais chomhtháite cosanta leanaí[60], spreagann siad na Ballstáit a gcórais cosanta leanaí a fhorbairt agus a neartú a thuilleadh, rud a fhágfaidh go mbeidh siad níos comhtháite agus níos cuimsithí chun aghaidh a thabhairt ar éagsúlacht riachtanais leanaí maidir le cosaint ar aon chineál foréigin. Cuirtear i dtábhacht sa Mholadh gur uirlis thábhachtach é an comhionannas agus an cuimsiú a chur chun cinn inár sochaithe chun an foréigean a chosc.

***Iompar*** **–** Tá líonra Ambasadóirí Éagsúlachta san Iompar curtha ar bun ag an gCoimisiún chun tacú le clár oibre an Choimisiúin maidir le comhionannas agus éagsúlacht san iompar a chur chun cinn, de réir na gcuspóirí faoin Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste[61]. Féachann an líonra le feasacht a mhúscailt maidir le bearta, tionscnaimh nó gníomhaíochtaí lena gcuirtear comhionannas, éagsúlacht agus cuimsitheacht san iompar chun cinn, maidir leis an lucht saothair iompair agus úsáideoirí iompair araon, agus tá sé ar thús cadhnaíochta sna bearta, sna tionscnaimh nó sna gníomhaíochtaí sin[62]. D'fhorbair an Coimisiún Lámhleabhar praiticiúil le haghaidh príomhshruthú comhionannais sa tsoghluaisteacht agus san iompar[63] chun cabhrú leis an bhfoireann príomhshruthú comhionannais a chur i bhfeidhm ina gcuid oibre laethúla agus, dá bhrí sin, a n-oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le comhionannas a chur chun cinn agus idirdhealú a chomhrac.

***Taighde agus Nuálaíochta*** **-** Dearbhaítear go soiléir le Comhshocrú 2021 um Thaighde agus um Nuálaíocht san Eoraip[64], atá ar cheann de phríomhcholúin na Limistéar Eorpach Taighde (LET)[65] nua, gur bunluachanna agus bunphrionsabail iad comhdheiseanna agus cuimsitheacht, agus cuirtear i dtábhacht mar thosaíochtaí don ghníomhaíocht chomhpháirteach deireadh a chur le neamhionannais, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le bunadh ciníoch nó eitneach. In 2023, leis an moladh ón gComhairle maidir le creat Eorpach chun tallann taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip[66], tugadh isteach an Chairt Eorpach do Thaighdeoirí[67], agus tugadh aghaidh bhreise ar neamhionannais trí cheann dá croíphrionsabail a dhéanamh den 'Éagsúlacht a Chomhrac'. Leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé idirdhealú ar gach foras a aithint agus a chomhrac, lena n-áirítear bunadh ciníoch nó eitneach, agus cuireann sí chun suntais gur gá claontachtaí neamh-chomhfhiosacha i bpróisis earcaíochta, ardaithe céime agus athbhreithnithe a aithint agus a mhaolú.

***Cistí an Aontais a shlógadh***

Cuireann cláir éagsúla de chuid an Aontais deiseanna cistiúcháin ar fáil do thionscadail a chuireann luachanna an fhrithchiníochais agus an neamh-idirdhealaithe chun cinn. Tá cistiú

---

59 Straitéis an Aontais maidir le Cearta an Linbh agus an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí

60 Moladh ón gCoimisiún maidir le córais chomhtháite cosanta leanaí a fhorbairt agus a neartú

61 An Straitéis um an tSoghluaisteacht

62 Ambasadóirí don éagsúlacht san iompar

63 *Handbook for equality mainstreaming* [Lámhleabhar le haghaidh príomhshruthú comhionannais]

64 An Comhshocrú um Thaighde agus um Nuálaíocht san Eoraip

65 LET nua don taighde agus don nuálaíocht

66 Moladh ón gComhairle maidir le creat Eorpach chun daoine tréitheacha taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip

67 An Chairt Eorpach do Thaighdeoirí

tiomnaithe ar fáil faoi **chlár an Aontais um** Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (CERV)[68], a n-áirítear ar a chuspóirí idirdhealú, ciníochas, seineafóibe agus éadulaingt i gcoinne imirceach a chomhrac agus a chosc ar gach leibhéal sa tsochaí, lena n-áirítear trí mhuinín a chothú idir daoine aonair, pobail agus údaráis náisiúnta. In 2023, tugadh isteach tosaíocht nua maidir le himirce, díchoilíniú agus sochaithe Eorpacha ilchultúrtha.

Sa tréimhse 2021-2027, tá **cistí an bheartais chomhtháthaithe**[69] ar fáil chun tacú le hiarrachtaí na mBallstát cuimsiú sóisialta a chur chun cinn trí rochtain chomhionann ar sheirbhísí príomhshrutha a chothú do ghrúpaí imeallaithe, amhail Romaigh agus daoine a mbaineann cúlra imirceach leo.

Tacaíonn **Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa** (CFRE) le forbairt bonneagair, trealamh agus rochtain ar sheirbhísí príomhshrutha san fhostaíocht, sa chúram sláinte, sa chúram sóisialta, sa tithíocht neamhscartha agus san oideachas. Ba cheart go rachadh na hinfheistíochtaí sin chun tairbhe do ghrúpaí imeallaithe freisin, lena n-áirítear Romaigh agus daoine a mbaineann cúlra imirceach leo, agus ba cheart gníomhaíochtaí tiomnaithe a chlársceidealú chun a rochtain ar an mbonneagar agus ar na seirbhísí príomhshrutha neamhscartha a chothú.

In 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún **an tSraith Straitéisí nuashonraithe maidir le húsáid chistí an Aontais chun daoine a mbaineann cúlra imirceach leo a lánpháirtiú** don tréimhse 2021-2027[70], arb é is aidhm di úsáid chomhlántach chistí an Aontais a chothú, go háirithe CFRE, CSE+ agus an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF).

Tacaíonn an **tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA)[71]** hathchóirithe agus infheistíochtaí chun comhionannas deiseanna agus cuimsiú daoine ar cuid de ghrúpí leochaileacha iad a fheabhsú. Mar shampla, cabhraíonn an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta leis na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar an éadulaingt agus ar an idirdhealú trí infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt phearsanta daoine óga ó ghrúpaí mionlaigh, e.g. Romaigh sa Bhulgáir agus sa Ghréig, trí shaoráidí oideachais agus seirbhíse lae a chruthú i bpobail ina bhfuil daonra suntasach Romach, agus trí rochtain ar ghairmoideachas agus ar lánpháirtiú tuismitheoirí i margadh an tsaothair a chur chun cinn (e.g. an Rómáin, an tSlóvaic).

Cistítear le **Fís Eorpach[72]**, clár cistiúcháin an Aontais le haghaidh taighde agus nuálaíochta, tionscnaimh chun ciníochas, idirdhealú agus seineafóibe a chomhrac freisin trí thacú le taighde agus tionscadail lena gcuirtear cuimsitheacht, caoinfhulaingt agus luachanna daonlathacha chun cinn nó lena dtugtar aghaidh ar an gciníochas mar shaincheist slándála sibhialta. Áirítear leis sin cistiú faoin gcnuasach téamach "An Cultúr, an Chruthaitheacht agus an tSochaí Chuimsitheach" chun comhionannas ciníoch, eitneach agus reiligiúnach a neartú, agus faoin gcnuasach "Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás', go sonrach chun aghaidh a thabhairt ar laofacht inscne, cine agus laofachtaí eile san intleacht shaorga. Cistítear leis an gcnuasach "an tSlándáil Shibhialta don tSochaí" mar shampla taighde ar an gcomhrac i gcoinne mhí-úsáid an chultúir cluichíochta ar líne ag antoiscigh nó an comhrac i gcoinne na fuathchainte.

---

[68] Forbhreathnú ar an gClár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna
[69] Go háirithe Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+).
[70] Sraith straitéisí maidir le húsáid chistí an Aontais chun daoine a mbaineann cúlra imirceach leo a lánpháirtiú
[71] An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta
[72] Fís Eorpach, clár cistiúcháin an Aontais don taighde agus don nuálaíocht

Tugadh isteach an chéad chreat riamh le haghaidh bearta maidir leis an gcuimsiú sa Chlár Erasmus+[73] agus sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach[74] in 2021, chomh maith le Straitéis um Éagsúlacht agus Cuimsiú, chun rochtain a éascú do dhaoine ar lú na deiseanna atá acu. Sa bhreis ar thionscadail i réimsí an oideachais agus na hóige, cuireann **gníomhaíochtaí spóirt an chláir Erasmus+** cuimsiú sóisialta agus comhionannas chun cinn sa spórt agus tríd an spórt. Mar sin féin, is saincheisteanna fós iad an ciníochas agus an fhuathchaint laistigh den spórt, ó leibhéal na scothaicme go leibhéal an phobail. Sin an fáth a ndéanann an Coimisiún Eorpach cóchistiú ar thionscadal le Comhairle na hEorpa maidir le 'Fuathchaint sa Spórt a Chomhrac'.

Tá tionscadail a thugann aghaidh ar shaincheist an chiníochais agus an idirdhealaithe incháilithe freisin do chistiú faoi **chlár Eoraip na Cruthaitheachta[75]**, faoin tosaíocht 'cuimsiú', arb é is aidhm dóibh an tsochaí a neartú agus cuimsiú sóisialta a fheabhsú sa chultúr agus tríd an gcultúr do dhaoine ar de mhionlaigh iad agus do ghrúpaí atá imeallaithe go sóisialta.

Leis an **Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil** (TSI),[76] tugtar aghaidh ar an gciníochas agus ar an idirdhealú trí thacú le grúpaí leochaileacha agus trí fheabhas a chur ar chumas na riarachán poiblí chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní maidir le comhionannas. Mar shampla, cistítear léi tionscadail san Eastóin, sa Phortaingéil agus i Málta atá dírithe ar thacaíocht d'íospartaigh, arb é is aidhm dóibh bearta a chur chun feidhme chun íospartaigh coireanna a chosaint ar bhealach níos fearr, fuathchoireanna cinebhunaithe san áireamh.

Amhail ó 2024 ar aghaidh, tacóidh an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil a thuilleadh le Comhlachtaí Comhionannais sa Bheilg, sa Phortaingéil agus san Fhionlainn chun réitigh Intleachta Saorga (IS) a fhorbairt, a mhaoirsiú agus a chur in úsáid, agus chun measúnú a dhéanamh ar thionchar IS ar shaincheisteanna comhionannais, i gcomhréir le cur chun feidhme Ghníomh an Aontais um an Intleacht Shaorga.

***An ciníochas agus an t-idirdhealú a chomhrac i mbeartais sheachtracha***

Is fadhb dhomhanda é an ciníochas, agus tá sé tábhachtach go mbeidh gníomhaíochtaí laistigh agus lasmuigh den Aontas chun an ciníochas a chosc agus a chomhrac comhleanúnach agus go dtreiseoidh siad a chéile. Chun cur chuige comhleanúnach i gcoinne an chiníochais agus comhghuaillíochtaí idirnáisiúnta láidre a áirithiú, oibríonn an Coimisiún i ndlúthchomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha[77], amhail OHCHR, ECRI agus ECFE.

[73] Baile – Erasmus+

[74] An Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach

[75] Eoraip na Cruthaitheachta - Cultúr agus Cruthaitheacht

[76] An Ionstraim Tacaíochta Teicniúla (ITT)

[77] Trína hOifig Réigiúnach don Eoraip, thacaigh Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine (OHCHR) leis an gCoimisiún chun treoirphrionsabail choiteanna a tharraingt suas maidir le pleananna gníomhaíochta náisiúnta.

Bhí an Coimisiún Eorpach i gcoinne an Chiníochais agus na hÉadulaingthe (ECRI) de chuid Chomhairle na hEorpa, ar cheann de phríomh-idirghabhálaithe chomhordaitheoir frithchiníochais an Aontais. Mar chomhalta den fhoghrúpa maidir le cur chun feidhme náisiúnta phlean gníomhaíochta an Aontais maidir le frithchiníochas, rannchuidigh ECRI le forbairt na n-uirlisí beartais a chuir an foghrúpa ar fáil.

Tá an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) ina ball gníomhach den fhoghrúpa agus tá táscairí á bhforbairt aici chun cabhrú le faireachán a dhéanamh ar an gciníochas struchtúrach i réimsí an oideachais, na fostaíochta, na tithíochta agus fhorfheidhmiú an dlí. Tá an tionscadal ar cheann de roinnt

Tá an **Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú (ICERD)** fós mar bhonn d'iarrachtaí an Aontais chun an ciníochas a chosc, a chomhrac agus a dhíothú ar an leibhéal domhanda, réigiúnach agus tíre. I bhfóraim iltaobhacha, agus in idirphlé polaitiúil agus idirphlé maidir le cearta an duine le tíortha comhpháirtíochta. Leanann an tAontas de thacaíocht a thabhairt do dhaingniú uilíoch ICERD agus dá chur chun feidhme iomlán agus éifeachtach.

Is príomhthosaíocht de bheartas an Aontais maidir le cearta an duine sa ghníomhaíocht sheachtrach é gach cineál idirdhealaithe ar aon fhoras a chomhrac, lena n-áirítear an comhrac i gcoinne an chiníochais, mar a léirítear i **bPlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas[78]**. I mí Mheán Fómhair 2022, d'eagraigh an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) agus seirbhísí an Choimisiúin imeacht ar líne le comhghleacaithe i dtoscaireachtaí iltaobhacha[79] chun plé a dhéanamh ar na príomhdhúshláin agus na **príomhdheiseanna le haghaidh cur chuige níos éifeachtaí agus níos infheicthe ón Aontas i leith an fhrithchiníochais**, chomh maith leis an gcomhar leis an gCoimisiún a neartú chun a áirithiú gur féidir aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an bhfrithchiníochas i bhfóraim iltaobhacha.

Tacaíonn an **Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI)[80]** le gníomhaíochtaí lena ndéantar gach cineál ciníochais a chosc nó a chomhrac, trí chláir i réimsí leathana chearta an duine, an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe, an rialachais agus an cheartais. I roinnt mhaith tíortha, is cuid den idirphlé maidir le cearta an duine é an ciníochas a chosc agus freagairt dó agus déantar faireachán rialta air. Tá cistiú NDICI ar fáil ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal domhanda, arb é is aidhm dóibh freisin cumas na sochaí sibhialta freagairt don chiníochas a threisiú. In 2023, leithdháil an Coimisiún cistí do thionscadail dhomhanda chun an t-idirdhealú agus cineálacha éagsúla ciníochais a chomhrac, lena n-áirítear EUR 5.5 milliún chun tacú le saoirse reiligiúin nó creidimh ar fud an domhain.

### 3.3. Gníomhaíocht dhearfach an Aontais – éisteacht agus gníomhú

***Daonlathais chuimsitheacha***

Ba cheart do ESSanna agus do chosantóirí chearta an duine rannchuidiú go héifeachtach leis an bpróiseas cinnteoireachta maidir le beartas poiblí lena n-éilítear na bonneagair, an acmhainneacht agus na hacmhainní is gá, de réir phrionsabail na hinrochtaineachta, na trédhearcachta agus na cuimsitheachta. Sa **Mholadh maidir le rannpháirtíocht shibhialta[81], a glacadh laistigh den phacáiste um Chosaint an Daonlathais, mhol an Coimisiún do na Ballstáit rannpháirtíocht éifeachtach na sochaí sibhialta a chur chun cinn** ag gach céim

---

tionscadal frithchiníochais arna maoiniú ag an gclár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (CERV).

D'oibrigh comhordaitheoir frithchiníochais an Aontais le sásraí éagsúla um chearta an duine agus ghlac sé páirt i dtionscnaimh amhail Meitheal Idir-Rialtasach na Náisiún Aontaithe maidir le cur chun feidhme éifeachtach Dhearbhú agus Chlár Gníomhaíochta Durban (an Mheitheal)agus an obair leanúnach a bhaineann le Deich mBliana Idirnáisiúnta na nDaoine de Shliocht Afracachagus leis an gClár Oibre i dtreo athrú claochlaitheach.

[78] Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas

[79] SEGS Strasbourg, Páras, Vín, an Ghinéiv agus Nua-Eabhrac

[80] An Eoraip Dhomhanda: An Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta

[81] Moladh ón gCoimisiún maidir le ról gníomhach agus rannpháirtíocht éifeachtach na saoránach agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a chur chun cinn

ón dearadh go dtí an cur chun feidhme, chun a rannpháirtíocht éifeachtach fhóinteach a fhorbairt, chun tacú léi agus chun í a chur i gcrích, lena n-áirítear trí chistiú sonrach a thiomnú. Tá ábharthacht ar leith ag baint leis an moladh maidir le rannpháirtíocht shibhialta don chomhar le heagraíochtaí frithchiníochais na sochaí sibhialta.

***Struchtúir nua le héisteacht agus le foghlaim: buanchreat malartaithe***

In 2021, cheap an Coimisiún a chéad **Chomhordaitheoir riamh maidir leis an gciníochas a chomhrac**[82], chun faireachán agus cur chun feidhme foriomlán an phlean gníomhaíochta a áirithiú, chun príomhshruthú beart frithchiníochais a éascú agus chun gníomhú mar phríomhphointe teagmhála bheartas frithchiníochais an Choimisiúin. Oibríonn an Comhordaitheoir go dlúth leis an gComhordaitheoir maidir le fuath frith-Mhoslamach a chomhrac, leis an gComhordaitheoir maidir leis an bhfrith-Sheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú agus leis an bhfoireann a chomhordaíonn comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach. Ceapachán an Chomhordaitheora maidir leis an gciníochas a chomhrac, d’fheabhsaigh sé an comhar le ESSanna agus le heagraíochtaí pobalbhunaithe.

Chun **dul i dteagmháil le daoine a fhulaingíonn ciníochas agus idirdhealú ciníoch agus chun foghlaim uathu** agus chun rannpháirtíocht ESSanna a oibríonn le daoine a bhfuil cúlra ciníoch nó eitneach mionlaigh acu agus a dhéanann ionadaíocht orthu a neartú, bhunaigh an Coimisiún **Fóram Buan na Sochaí Sibhialta um Fhrithchiníochas**[83] i mí an Mheithimh 2021. Chuathas i gcomhairle leis an bhFóram maidir leis na treoirphrionsabail choiteanna le haghaidh pleananna gníomhaíochta náisiúnta in aghaidh an chiníochais agus maidir leis an seicliosta faireacháin agus an uirlis tuairiscithe.

Mar a fógraíodh sa phlean gníomhaíochta maidir le frithchiníochas, d’eagraigh an **Coimisiún Cruinniú Mullaigh Eorpach maidir le Frithchiníochas** in 2021 le dlúth-rannpháirtíocht na sochaí sibhialta agus na gcomhlachtaí comhionannais. In 2022 d’eagraigh an Coimisiún Eorpach an dara Cruinniú Mullaigh Eorpach maidir leis an bhFrithchiníochas agus an Éagsúlacht i gcomhar le hIdirghrúpa Pharlaimint na hEorpa um an bhFrithchiníochas agus an Éagsúlacht agus leis an gCoimisiún Eorpach i gcoinne an Chiníochais agus na hÉadulaingthe de chuid Chomhairle na hEorpa. Rinne an Cruinniú Mullaigh comóradh ar an Lá Idirnáisiúnta um Idirdhealú Ciníoch a Dhíothú agus dhírigh sé ar phleananna gníomhaíochta náisiúnta a ullmhú agus a ghlacadh i gcoinne an chiníochais agus an idirdhealaithe chiníoch agus ar an ról tábhachtach atá ag daoine óga, agus ag an óige ciníochaithe chun ciníochas agus idirdhealú a chomhrac.

Cé gur dhíol sásaimh do pháirtithe leasmhara na sochaí sibhialta cruthú an Bhuanfhóraim sa chomhairliúchán poiblí, mheas siad freisin go raibh gá le tuilleadh gníomhaíochta chun a áirithiú go mbeadh spásanna sibhialta sábháilte agus cuimsitheach ann do gach pobal agus mionlach.

Tá an Comhordaitheoir um chiníochas a chomhrac ag **obair go dlúth le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus leis na Ballstáit, ag tacú le** glacadh pleananna gníomhaíochta náisiúnta in aghaidh an chiníochais. **Oibríonn an comhordaitheoir i gcomhar le hinstitiúidí agus le páirtithe leasmhara eile** freisin, lena n-áirítear Parlaimint na hEorpa, comhlachtaí comhionannais, an saol acadúil agus eagraíochtaí idirnáisiúnta chun freagairtí beartais a fheabhsú.

[82] Comhordaitheoir an Choimisiúin maidir leis an gciníochas a chomhrac
[83] Comhaltaí Bhuanfhóram ESSanna maidir leis an bhFrithchiníochas

## 4. Acmhainní daonna an Aontais Eorpaigh féin

Cuireadh i bhfios go láidir sa phlean gníomhaíochta go bhfuil an Coimisiún Eorpach, mar fhostóir, tiomanta do dhea-shampla a thabhairt agus chun a áirithiú go bhfuil a lucht saothair ionadaíoch ar éagsúlacht dhaonra na hEorpa. Tá sé tiomanta freisin do chultúr oibre cuimsitheach inar féidir le gach duine a bheith rathúil agus barr a gcumais a bhaint amach, gan beann ar chúlra ná ar shaintréithe pearsanta. In 2020, bhunaigh an Coimisiún **Oifig um Éagsúlacht agus Cuimsiú[84] laistigh dá Ard-Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna agus um Shlándáil chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur chun feidhme na dtionscnamh ábhartha**. Cuireadh tús leis sin le suirbhé fairsing ar éagsúlacht agus ar chuimsiú a fhoirne a rinneadh i mí an Mhárta 2021[85]. Baineadh úsáid as torthaí an tsuirbhé chun bonn eolais a chur faoi Straitéis nua Acmhainní Daonna an Choimisiúin a glacadh in 2022 chomh maith le bonn fianaise a chur le chéile chun Plean Gníomhaíochta nuashonraithe um Éagsúlacht agus Cuimsiú 2023-2024 a fhorbairt[86].

Tá dul chun cinn maith déanta ag an gCoimisiún maidir leis an bplean gníomhaíochta a chur chun feidhme, plean lena ndírítear ar ghníomhaíochtaí cothrománacha chun tacú le bainisteoirí, clár struchtúrtha foghlama agus forbartha, gníomhaíochtaí múscailte feasachta, cumarsáid agus bailiú agus tagarmharcáil fheabhsaithe sonraí.  Ina theannta sin, tá gníomhaíochtaí spriocdhírithe sa phlean gníomhaíochta chun tacú le grúpaí sonracha foirne. Mar shampla, eagraíonn an Oifig um Éagsúlacht agus Cuimsiú imeachtaí inmheánacha foirne nó gníomhaíochtaí múscailte feasachta chun an Lá Idirnáisiúnta um Idirdhealú Ciníoch a Dhíothú a chomóradh, ag díriú ar eispéiris foirne le ciníochas san ionad oibre. Chuaigh sé i ndlúthchaidreamh freisin le **Diversité Europe, comhlachas foirne de chuid an Aontais**, a cruthaíodh in 2021, a léiríonn leasanna agus ábhair imní na mball foirne arb as cine nó grúpa eitneach mionlaigh iad.

Tá éagsúlacht curtha chun cinn ag an gCoimisiún freisin ina **chlár oiliúna Páipéir Ghoirm**: d’fhoilsigh sé straitéis éagsúlachta agus cuimsithe[87] ar a shuíomh gréasáin don tréimhse oiliúna i mí Mheán Fómhair 2022, inar díríodh ar fhor-rochtain agus ar athbhreithniú ar chritéir roghnúcháin chun mealltacht an chláir a leathnú agus chun é a dhéanamh níos inrochtana do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht.

In 2023, rinne an Coimisiún athnuachan freisin **ar a bheartas maidir le ciapadh a chomhrac agus bhunaigh sé feidhm nua (Príomhchomhairleoir Rúnda)** lena ndéanfar maoirseacht ar chur chun feidhme agus ar fhorbairt bhreise an bheartais sin sa Choimisiún. Aithnítear sa bheartas athnuaite go bhféadfadh ciapadh a bheith ann de bharr idirdhealú.

Chun díorma daoine níos ilghnéithí a mhealladh chuig státseirbhísí an Aontais, sheol an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) glao ar chomhar chuig eagraíochtaí éagsúlachta uile an Aontais in 2020, agus d’iarr sí orthu páirt a ghlacadh i mbunachar sonraí d’eagraíochtaí comhpháirtíochta, a choinníonn sí cothrom le dáta. Rinne EPSO dhá shuirbhé comhionannais agus éagsúlachta chun sonraí a bhailiú maidir le héagsúlacht a liosta iarrthóirí agus ghlac sé **Plean Gníomhaíochta um Chomhionannas agus Éagsúlacht** i mí na Bealtaine 2022, le

---

[84] Tús áite do dhaoine - Éagsúlacht agus cuimsiú
[85] Treoirshuirbhé EPSO maidir leis an Éagsúlacht – Na Príomhthorthaí (2022)
[86] Éagsúlacht agus cuimsiú san ionad oibre
[87] Straitéis um Éagsúlacht agus Cuimsiú – scéim tréimhsí oiliúna Páipéir Ghoirm an Choimisiúin Eorpaigh

haghaidh for-rochtain fheabhsaithe chun líon éagsúil iarrthóirí a mhealladh. Ag an am céanna, chuaigh EPSO i dteagmháil le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine arb as cine nó grúpa eitneach mionlaigh iad chun tosca bactha a d'fhéadfadh cosc a chur orthu iarratas a dhéanamh ar ghairmeacha san Aontas Eorpach a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu[88].

[88] Tosca bactha ar ghairmeacha san Aontas a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint

**5. Conclúid**

Chuir páirtithe leasmhara **fáilte mhór roimh ghlacadh an chéad phlean gníomhaíochta de chuid an Aontais maidir le frithchiníochas,** a mheastar a spreag glacadh pleananna gníomhaíochta náisiúnta in aghaidh an chiníochais agus a chuir chun cinn an díospóireacht maidir le haghaidh a thabhairt ar an gciníochas de gach cineál, lena n-áirítear a ghné struchtúrach.

**Spreag an plean gníomhaíochta na Ballstáit chun a bpleananna gníomhaíochta náisiúnta in aghaidh an chiníochais a fhorbairt agus a chur chun feidhme.** Le dea-chomhar leis na Ballstáit agus eatarthu, le tacaíocht ón gCoimisiún, éascaíodh glacadh modheolaíochtaí comhroinnte trí uirlisí coiteanna beartais, trí chleachtais a bhfuil gealladh fúthu a mhalartú agus trí fhoghlaim fhrithpháirteach.

Agus pleananna gníomhaíochta náisiúnta á nglacadh agus á gcur chun feidhme acu, is é is aidhm do na Ballstáit rannpháirtíocht fhóinteach na bpobal dá ndéantar difear a áirithiú, chun aitheantas a thabhairt don chiníochas struchtúrach agus aghaidh a thabhairt air, chun **dearcadh trasnach** a áireamh, agus chun **cistiú leordhóthanach a leithdháileadh** le haghaidh iarrachtaí ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil chun an ciníochas a chomhrac.

Ó glacadh an plean gníomhaíochta, tá méadú tagtha ar an gciníochas, ar an tseineafóibe agus ar an bhfuath i gcoinne grúpaí éagsúla mar thoradh ar roinnt géarchéimeanna. Léiríonn na sonraí atá ar fáil, atá fós gann, leitheadúlacht an chiníochais aonair agus struchtúraigh fós sa lá atá inniu ann. Dheimhnigh páirtithe leasmhara nach bhfuil feabhas tagtha ar staid na ndaoine a bhfuil an ciníochas ag bagairt orthu. Chun sochaí atá saor ón gciníochas, ón idirdhealú agus ón neamhionannas a chothú, ní mór don Choimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile, dlús a chur leis na hiarrachtaí chun dul i ngleic le gach cineál ciníochais.

Tá **bailiú sonraí iontaofa agus inchomparáide maidir le comhionannas, lena n-áirítear táscairí maidir le bunadh ciníoch agus eitneach** ríthábhachtach chun solas a chaitheamh ar phatrúin chiníocha agus idirdhealaitheacha agus ar struchtúir chiníocha agus idirdhealaitheacha. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go gcuirfeadh na Ballstáit tuilleadh **feabhais ar bhailiú sonraí comhionannais ar gach leibhéal críochach agus go n-áiteoidís ar na páirtithe leasmhara uile comhoibriú chun sonraí a bhailiú chun críocha comhionannais agus neamh-idirdhealaithe** trína chur i dtábhacht go bhfuil coimircí i bhfeidhm agus sonraí íogaire á mbailiú agus nach mbailítear na sonraí sin ach amháin ar mhaithe le feabhas a chur ar staid na ndaoine a ndéanann idirdhealú eitneach agus ciníoch difear dóibh.

Leanfaidh an Coimisiún de dhul i gcomhar le CEPOL, le FRA agus leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) chun oiliúint ar chlaontuairim neamh-chomhfhiosach a fhorbairt agus a thairiscint d’oifigigh forfheidhmithe dlí agus oibreoidh sé i ndlúthchomhar leis na Ballstáit chun **tacú le hiarrachtaí náisiúnta chun póilíneacht chothrom neamh-idirdhealaitheach a ráthú**.

Is bunús é an dul chun cinn atá déanta go dtí seo nach mór don Aontas agus do na Ballstáit tógáil air chun an plean gníomhaíochta a chur chun feidhme ina iomláine. Tá sé ríthábhachtach an móiminteam a thabhairt ar aghaidh agus leanúint de na beartais, na cleachtais agus na tionscnaimh a bhfuil sé cruthaithe go bhfuil siad éifeachtach a neartú, go háirithe i bhfianaise an mhéadaithe ar idirdhealú ciníoch.

**Tá gá le diongbháilteacht agus tiomantas fadtéarmach chun an ciníochas a chomhrac**. Baintear dul chun cinn amach tríd an **bhfrithchiníochas a phríomhshruthú** thar bheartais éagsúla agus trí struchtúir agus sásraí tiomnaithe a chruthú chun aghaidh a thabhairt ar an gciníochas. Leagadh béim sa phlean gníomhaíochta ar **dhlúthchomhar idir an Coimisiún agus na páirtithe leasmhara uile**. Tá sé léirithe gur **príomh-chomhpháirtíocht** é an t-idirphlé rialta leis an tsochaí shibhialta. Tríd an rannpháirtíocht fhiúntach sin, tá léargais luachmhara faighte ag an gCoimisiún ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá ar thús cadhnaíochta sa chomhrac i gcoinne an chiníochais.

Mar a fógraíodh sna treoirlínte polaitiúla don sainordú nua 2024-2029 tá an **Coimisiún tiomanta go daingean i gcónaí do shochaí a chothú atá saor ó chiníochas, idirdhealú agus neamhionannas**, agus do chúnamh a thabhairt d'iarrachtaí náisiúnta Aontas Comhionannais a bhaint amach ina mbeidh comhdheiseanna ag gach duine trí straitéis frithchiníochais a fhorbairt.